Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8483/20**

**FISC 123**
**ECOFIN 455**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 2 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8093/20<br>8095/20 ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí in Iarscríbhinn I na conclúidí ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, a d'fhormheas an Chomhairle le nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 1 Meitheamh 2020 (CM 2383/20), agus ráiteas ón Ungáir in éineacht leis (Iarscríbhinn II).

**IARSCRÍBHINN I**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## MAIDIR LE STRUCHTÚR AGUS RÁTAÍ NA DLEACHTA MÁIL A CHUIRTEAR I bhFEIDHM AR THOBAC MONARAITHE

Maidir leis an gComhairle:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Mheastóireacht is déanaí ón gCoimisiún ar Threoir 2011/64/AE maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe agus na torthaí a leagtar amach inti;

2. MEABHRAÍTEAR DI AGUS DAINGNÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle an 8 Márta 2016, a glacadh mar fhreagairt ar an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle in 2015 maidir leis an meastóireacht a rinneadh faoi REFIT ar Threoir 2011/64/AE agus maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na cúiseanna a bhí le cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh gan togra reachtach a chur síos i dtaca le Treoir 2011/64/AE a leasú in 2017, de réir mar a d'iarr an Chomhairle sna conclúidí uaithi in 2016;

4. TÁ SÍ FÓS DEN TUAIRIM go bhfuil gá le leasuithe ar Threoir 2011/64/AE d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus d'ardleibhéal cosanta sláinte ar fud an Aontais;

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil meath tagtha ar éifeachtacht fhorálacha reatha Threoir 2011/64/AE, agus nach bhfuil siad leordhóthanach a thuilleadh nó go bhfuil siad ró-chúng chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus ar dhúshláin amach anseo, maidir le táirgí éagsúla, amhail leachtanna do thoitíní leictreonacha, táirgí tobac téite agus cineálacha eile táirgí den chéad ghlúin eile, atá ag teacht isteach sa mhargadh;

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, dá bhrí sin, go bhfuil sé práinneach agus riachtanach creat rialála an Aontais a uasghrádú, chun dul i ngleic leis na dúshláin reatha agus na dúshláin amach anseo maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar shainmhínithe agus cóireáil cánach táirgí núíosacha (amhail leachtanna do thoitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite), lena n-áirítear táirgí, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, a thagann in ionad tobac, chun éiginnteacht dhlíthiúil agus éagothromaíochtaí rialála a sheachaint san Aontas, agus na dea-chleachtais agus an taithí atá ag na Ballstáit sa réimse seo á gcur san áireamh, agus, i gcás inarb iomchuí, cuspóirí Rialachán 2011/64/AE, arb é is cuspóir dó freisin gur cheart na cineálacha éagsúla táirgí tobac, a ndéantar iad a idirdhealú trína saintréithe agus tríd an gcaoi a n-úsáidtear iad, a shainiú;

7. DAINGNÍONN SÍ gur gá comhleanúnachas agus sineirge chuspóirí cánach agus fioscacha Threoir 2011/64/AE le beartais agus reachtaíocht eile an Aontais a neartú, agus aird á tabhairt ar na gnéithe ábhartha uile de rialú tobac, lena n-áirítear an tsláinte phoiblí, rialacháin chustaim, an comhrac in aghaidh gáinneáil aindleathach, imghabháil cánach agus cosaint an chomhshaoil;

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, sa chomhthéacs sin, go bhfuil caitheamh táirgí tobac ar cheann de na rioscaí sláinte is mó san Aontas atá inseachanta agus inchoiscthe, DAINGNÍONN SÍ gur gá tuilleadh comhleanúnachais a bhaint amach i bhfianaise chlár oibre an Aontais sa chomhrac i gcoinne na hailse agus MEABHRAÍTEAR DI gur páirtithe iad an tAontas agus na Ballstáit i gCreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac;

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i gcomhréir leis na torthaí ón gCoimisiún Eorpach sa tuarascáil is déanaí uaidh maidir leis an meastóireacht ar Threoir 2011/64/AE, go bhfuil leibhéal na gáinneála aindleathaí i dtáirgí tobac fós suntasach agus tá sé fós ina chúis imní, ós rud é go bhfuil ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil aindleathach, laistigh den Aontas agus ó thríú tíortha araon, rud a bhaineann an bonn de bheartais sláinte poiblí agus a chuireann le himghabháil cánach . Dá bhrí sin, tá gá le tionscnaimh ón Aontas agus ó na Ballstáit chun sineirgí breise a lorg le beartais forfheidhmithe dlí agus chun na beartais sin a neartú, chun srian a chur leis an éileamh ar tháirgí aindleathacha agus chun smuigleáil agus táirgeadh aindleathach a chomhrac;

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an gháinneáil aindleathach i mbulctobac ag dul i méid agus ADMHAÍONN SÍ go bhfuil gá le córas lena ndéanfar gluaiseacht tobac amh a rialú, agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hatreorú chun críocha neamhdhlíthiúla ar leibhéal an Aontais trí shainmhíniú coiteann ar thobac amh agus rialacha rialaithe iomchuí a bhunú, le measúnú agus tuiscint shoiléir ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le rialú agus faireachán méadaithe, agus na cleachtais ábhartha arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit sa réimse seo á gcur san áireamh agus rioscaí maidir le cánachas dúbailte á seachaint;

11. MEASANN SÍ GUR DEN RIACHTANAS É staidéar a dhéanamh ar ionadú táirgí de thoradh cánach agus gáinneáil aindleathach lena mbaineann, chomh maith leis an bhféidearthacht na sainmhínithe a fheabhsú, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le rialú cánach, bailiú ioncaim agus cosaint sláinte;

12. TÁ SÍ FÓS DEN TUAIRIM gur cheart feabhas a chur ar shainmhínithe tháirgí tobac monaraithe áirithe i reachtaíocht an Aontais maidir le dleachtanna máil, ós rud é go n-eascraíonn éiginnteachtaí dlíthiúla as roinnt critéar suibiachtúil sna sainmhínithe seo agus is gá aghaidh a thabhairt orthu siúd. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí sainmhínithe atá bunaithe ar an aicmiú chun críoch custaim san Ainmníocht Chomhcheangailte a mheas. I gcás inar gá, ba cheart catagóirí nua táirgí chomh maith le sainmhíniú ar thobac amh a chur le Treoir 2011/64/AE;

13. TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun go mbeidh rátaí íosta dleachtanna máil rannpháirteach agus éifeachtach agus tomhaltas táirgí tobac á laghdú agus nach mór na rátaí íosta dleachtanna máil ar roinnt táirgí tobac a mhéadú, ag féachaint go cuí do na tosca a leagtar amach sna conclúidí seo ón gComhairle agus gurb amhlaidh go bhfuil na rátaí dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe méadaithe le déanaí ag roinnt Ballstát;

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá cóineasú níos fearr i rátaí dleachta máil ar fud an Aontais, toisc go ngintear leibhéil shuntasacha sreafaí trasteorann i roinnt Ballstát leis an staid mar atá faoi láthair, agus sa chomhthéacs sin TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór do na forálacha a leagtar amach i dTreoir 2008/118/CE agus Treoir (AE) 2020/262 a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla;

15. IS ÁBHAR MÓR IMNÍ DI go bhfuil difríochtaí móra idir Ballstáit áirithe maidir le cáin (agus praghsanna) ar tháirgí tobac ag éascú gáinneáil aindleathach i dtáirgí tobac níos saoire thar theorainneacha laistigh den Aontas, éifeacht nach raibh beartaithe faoi Threoir 2011/64/AE, rud a thagann salach ar an bprionsabal nach mór dleachtanna máil a chur i bhfeidhm agus a íoc sa tír ina dtomhlaítear na hearraí;

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbíonn caillteanais ioncaim chánach shuntasacha agus mhéadaitheacha ag roinnt Ballstáit mar gheall ar na saincheisteanna a shainaithnítear sna conclúidí seo ón gComhairle, agus gur cúis mhór imní iad ó thaobh na gcuspóirí sláinte poiblí arna nglacadh ag roinnt Ballstát;

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé tábhachtach i gcónaí díchobhsú an mhargaidh a sheachaint agus gan táirgeadh, gluaiseacht ná gáinneáil aindleathach a spreagadh, toisc leibhéil ioncaim agus dálaí eacnamaíocha a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát;

18. TÁ SÍ DEN TUAIRIM, agus athbhreithniú á dhéanamh ar chóras na rátaí dleachta máil san Aontas, nach mór feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú in éineacht le cuspóirí an ioncaim, na sláinte poiblí agus na slándála poiblí, agus nach mór roinnt tosca éagsúla a bhfuil ról acu a chur san áireamh sa chothromaíocht fhoriomlán, amhail na héagsúlachtaí i dtréithe an táirge, an t-ualach a bhaineann le costas sóisialta na húsáide tobac, an muirear cánach iomlán (lena n-áirítear CBL), paireachtaí cumhachta ceannaigh, staid eacnamaíoch agus suíomh geografach an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann;

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, mar sin féin, gur cheart go ndéanfaí na rátaí íosta a leagtar amach i dTreoir 2011/64/AE a mhéadú de réir a chéile agus go comhréireach, agus go mbeidh solúbthacht leordhóthanach ag na Ballstáit chun a gcuspóirí ioncaim agus sláinte poiblí a bhaint amach, agus staid fhoriomlán mhaicreacnamaíoch an Aontais agus réaltachtaí eacnamaíocha na mBallstát á gcur san áireamh, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an deacracht a bhaineann le cóineasú iomlán i rátaí dleachta máil agus i bpraghsanna táirgí tobac a bhaint amach, i bhfianaise na n-éagsúlachtaí i leibhéil ioncaim indiúscartha agus staideanna eacnamaíocha sna Ballstáit;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach na Conclúidí seo ón gComhairle a chur san áireamh agus leanúint dá chuid oibre, arb é is aidhm di feabhas a chur ar fheidhmiú foriomlán na rialacha maidir le dleachtanna máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, agus IARRANN SÍ go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach, ar bhonn faisnéis atá cothrom le dáta agus tar éis dó na hanailísí teicniúla, comhairliúcháin phoiblí agus measúnuithe tionchair ábhartha a dhéanamh, togra reachtach a chur faoi bhráid na Comhairle, agus é mar chuspóir don togra na hábhair imní a leagtar amach sna conclúidí seo a réiteach.

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

"Cé go dtacaíonn an Ungáir le téacs na gconclúidí ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, dearbhaíonn sí nach féidir a bhaint as an gcor deireanach de phointe 13 de na conclúidí sin go ngeallann an Ungáir go gcaithfear, i gcás ina n-ardófar dleacht mháil (íosta) ar aon táirge tobac, an t-ardú sin a ailíniú leis na harduithe is infheidhme sna Ballstáit sin a mhéadaigh rátaí na ndleachtanna máil ar an táirge tobac sin le déanaí."